



**Polasaí Bí Cineálta**

**Scoil na bhForbacha  
17668G**

# Bí Cineálta

Polasaí Bí Cineálta Scoil na bhForbacha  
chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc  
agus Dul i nGleic léi

---

Ghlac Bord Bainistíocht Scoil na bhForbacha an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

Tá tuiscint ar leith ag scoileanna Caitliceacha ar an duine daonna, ag aithint go bhfuil gach duine cruthaithe i gcosúlacht agus in íomhá Dé agus go bhfuil dínit dhúchasach ag gach duine mar leanbh Dé. Ar an mbunús seo, cinntíonn muid go gcaitear le gach duine inár scoil le meas agus le cúram, de réir an Chláir Chaitlicigh.

Mar scoil Chaitliceach, táimid tiomanta chun meas a bheith againn ar dhínit gach duine. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh d'aon duine daonna, agus tá ról riachtanach ag gach duine le himirt i bpobal na scoile, beag beann ar dhifríocht.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna mar iompraíocht spriocdhírthe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí. Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta.

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchúí nach iompraíocht bhulaíochta í.

### Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

	Dáta an Chomhairliúcháin	Modh comhairliúcháin
Áine, Niamh, Deirdre	Eanáir 2025	Bí Cineálta Seisiún Eolais OIDE
Foireann na Scoile	Márta 2025 31/3/2025 Dúnadh leathlae	Ceistneoir ar líne Cur i láthair OIDE agus sainmhíniú don fhoireann uilig
Scoláirí	Márta 2025 Meitheamh 2025	Ceistneoir ar líne Comhairle na nÓg

Tuismitheoirí	Márta 2025	Ceistneoir ar líne
Bord Bainistíochta	Meitheamh 2025	Cruinniú Boird
Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus)	Meán Fómhair 2025	Ríomhphost Ar shuíomh idirlíne na scoile

An dáta ar faomhadh an polasaí: 23ú Meitheamh 2025

An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí: 17ú Meitheamh 2025

## Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfí an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

### Cultúr agus Timpeallacht

I Scoil na bhForbacha, déanaimid iarracht cultúr scoile dearfach agus cuimsitheach a chur chun cinn, de réir ár ráiteas misin.

Tá pobal scoile Scoil na bhForbacha tiomanta do thimpeallacht scoile a chothú atá:

- Mar áit ina bhfáilítear romhainn agus ina gcuirimid fáilte roimh dhaoine eile as ár dtreo féin
- Mar áit ina gcaitear linn le meas agus ina gcaitheann muid le daoine eile go measúil.
- Mar áit ina mothaímid sona sábháilte.
- Mar áit ina spreagtar muid chun ár lánacmhainneacht a bhaint amach.
- Mar áit ina bhféadfaidh ár bhféinmheas agus ár bhféinmhuinín bláthú.

- Mar áit ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama.
- Mar áit ina gcothaítear grá don fhoghlaim.
- Mar áit ina bhféadfaimid a bheith mar muid féin agus ina gceadaímid do dhaoine eile a bheith mar iad féin.

Téann foireann bainistíochta na scoile i bhfeidhm ar chultúr na scoile agus socraíonn siad na caighdeáin agus na hionchais do phobal na scoile maidir le hiompraíocht bhulaíochta a chosc agus a réiteach. Tá freagracht ar gach ball d'fhoireann na scoile cultúr scoile a fhorbairt agus a chothabháil nach nglactar le hiompraíocht bhulaíochta agus cur chuige comhsheasmhach a ghlacadh maidir le hiompraíocht bhulaíochta a réiteach. Is féidir le daltaí cultúr na scoile a mhúnlú trí chineáltas agus cuimsitheacht a chur chun cinn laistigh dá bpiarghhrúpa agus timpeallacht dhearfach thacúil scoile a chothabháil do chách.

Is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí, mar chomhpháirtithe gníomhacha in oideachas a bpáiste, cabhrú le timpeallacht a chothú nach nglactar le hiompraíocht bhulaíochta trí chomhbhá agus meas a chur chun cinn.

I Scoil na bhForbacha, tacaímid le timpeallacht "inste". Spreagaimid daltaí a bheith ina seasóirí cróga; seasamh in aghaidh iompraíocht bhulaíochta; agus gan a bheith ina bhféachóirí (cuid den fhadhb). Cuirtear i gcuimhne na ndaltaí go minic insint do bhaill foirne nó d'dhuine fásta muiníneach/daoine fásta muiníneacha eile nuair a cheapann siad go bhfuil siad féin á mbulaíocht nó go bhfuil duine éigin eile á bhulaíocht. Cuirtear na páistí ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le hinsint. Dearbhaítear dóibh nach insint scéalta í seo. Dearbhaítear dóibh go gcabhróidh an insint seo le gach duine a choinneáil sábháilte.

Is féidir le coincheap an duine fhásta muiníneach cabhrú chun daltaí a spreagadh chun tuairisciú. Is féidir le foireann tacú leis seo trí ligean do dhaltaí a fhios a bheith acu gur féidir leo labhairt leo. Mar chuid den chlár Stay Safe, sainaithníonn páistí daoine fásta muiníneacha ar féidir leo labhairt leo. Ar fheasacht a fháil ar aon chás bulaíochta, laistigh nó lasmuigh den scoil, ina bhfuil baill de phobal na scoile i gceist, ba cheart do dhaltaí duine fásta muiníneach freagrach a chur ar an eolas.

Tá iompraíocht bhulaíochta ró-thromchúiseach gan tuairisciú. Ba cheart don duine fásta muiníneach an dalta a dhearbhu go bhfuil an rud ceart déanta acu, agus gan mhoill, na baill foirne a bhfuil freagracht orthu maidir le hiompraíocht bhulaíochta a réiteach (múinteoir ranga, múinteoir tacaíochta nuair is ábhartha agus an príomhoide) a chur ar an eolas, agus ba cheart dóibh leanúint ar aghaidh ag tacú leis an dalta, de réir mar is cuí, fad atá an iompraíocht á réiteach. Seiceálfaidh múinteoirí isteach leis na páistí ina rang go rialta trí shuirbhéanna Bí Cineálta, (féach teimpléid le do thoil).

Ba mhaith linn go mbraithfeadh timpeallacht fhisiciúil ár scoile sábháilte do gach dalta. Áirítear ar straitéisí a fhabhraíonn dó seo:

- Seaicéid ard-infheicthe á gcaitheamh ag an bhfoireann chun infheictheacht a chur chun cinn le linn maoirseacht chlóis
- Bealaí sannta le glacadh ag ranganna agus iad ag gluaiseacht chuig agus ón gclós

- Saothair ealaíne arna gcruthú ag daltaí ar taispeáint timpeall na scoile
- Mothú muintearais a chothú, agus mothú freagrachta agus úinéireachta i measc daltaí dá dtimpeallacht scoile
- Spotaí cairde ar an gclós

- Polasaí Bí Cineálta cairdiúil do dhaltaí ar taispeáint timpeall na scoile

### **Cultúr Scoile Dearfach**

- Caidreamh Dearfach i measc na baill foirne agus i measc baill foirne agus gasúir
- Fáiltiú ar maidin agus slán a fhágáil tráthnóna
- Ceannaireacht éifeachtach
- Timpeallacht ghlan agus dearfach - cluichí clóis, dathanna geala, cothabháil chuí á dhéanamh taobh istigh agus taobh amuigh den scoil
- Timpeallacht & cultúr insinte
- Cur chuige scoile uile d'fhonn iompar tromaíochta a aithint, a dhiúltú agus a thuairisciú
- Duine fásta iontaofa - meabhrú rialta do na gasúir go bhfuil muid ansin le n-éisteacht agus cabhrú leo
- Spásanna fisiciúla sábháilte
- Maoirseacht ar na gasúir i láthair na scoile
- Modhanna múinte cuí in úsáid - fócas na foghlama dírithe ar chultúr coisctheacha agus insithe a chothú - OSPS, OCG, Bí Sábháilte, steiréitíopaí inscne a cheistiú, drámaíocht, obair ghrúpaí, Friends for Life, LEANS, Lust for Life.
- Diríú ar an 4 réimse a bhaineann leis an bhFolláine.
- Cultúr scoile a chothú ina bhfeiceann na daltaí iad féin ann a chothú
- Éagsúlacht a cheiliúradh ar scoil - néara-éagsúlachta ina measc.
- Cleachtais aisríochta ar siúl sa scoil - airdeallach go bhfuil muid ag léiriú meas agus muid ag labhairt leis na gasúir.
- Páistí mar cheannairí clóis - ag cothú caidrimh dearfach i measc na ranganna éagsúla.
- Córas an Chomrádaí - ard ranganna agus bunranganna - scileanna foghlama agus comhbhá a láidriú
- Na Garraíodóirí - Grúpaí ag dul amach le múinteoir chuile Céadaoin.
- Béim ar chineáltas sna ranganna uilig - réaltaí, ticéid ar fáil. Aitheantas d'iompar dearfach.
- Mo Smaointí faoin scoil - á líonadh isteach ó rang 2 ar aghaidh
- Comhairle na nÓg - glór na ngasúir le cloisteáil
- AUP polaisí maidir le úsáid na teicneolaíochta i bhfeidhm
- Conradh Fón Cliste tugtha isteach i mbliana (2025)
- Lá gan teicneolaíocht chuile sheachtain - na taobhanna dearfacha agus diúltacha den teicneolaíocht a léiriú
- Cód iompair - iompraíocht chuí ar líne
- Seisiúin eolais do na tuismitheoirí agus na gasúir maidir le sábháilteacht ar líne a reáchtáil

- Spásanna fisiciúla sábháilte a chruthú
- Veisteanna sofheicthe ar na cúntóirí clóis agus feitheoireacht ar bun acu
- Suirbhéanna Ranga maidir le bulaíocht, ceistneoirí digiteacha
- Tuairisciú ar Iompraíocht Bhulaíochta i gcomhpháirt leis na scoláirí atá luaite agus na tuismitheoirí agus athbhreithniú déanta taobh istigh de 20 lá scoile
- Tuairisciú don Bhord Bainistíochta maidir le cásanna bulaíochta más ann dóibh
- Athbhreithniú rialta ar an bpolasaí Bí Cineálta

## **Curaclam**

Cuirimid teagasc agus foghlaim chomhoibritheach agus mheasúil chun cinn ar fud na n-ábhar go léir. Soláthraimid deiseanna rialta do dhaltáí oibriú i ngrúpaí beaga, rud a chabhraíonn le mothú muintearais, ceangail agus comhbhá a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag curaclam an OSPS folláine na ndaltaí, a bhféinmhuinín agus a mothú muintearais a chothú. Tá sé mar aidhm aige freisin a mothú um fhreagracht phearsanta as a n-iompar féin a fhorbairt. Is é an príomhábhar é trína múintear ceachtanna faoi bhulaíocht. Múintear an clár Bí Sábháilte ina iomláine i naíonáin shinsearacha, rang a 2, rang a 4 agus rang a 6. Úsáideann gach leibhéal ranga ceachtanna ó na cláir Siúl Thar Ais agus OFC chun díriú ar cheisteanna timpeall bulaíochta lena n-áirítear cairdeas, réiteach coinbhleachta, sábháilteacht agus caidrimh dhearfacha. Sa chéad mhí de gach bliain, ceiliúraimid Cineáltas agus Cairdeas. Is é aidhm na míosa ná cultúr agus aeráid dhearfach a chruthú sa scoil, agus straitéisí frithbhulaíochta a leabú go luath sa bhliain scoile. Comhlánaíonn ranganna ceachtanna a dhíríonn ar a bheith i do chara maith agus ar cad ba cheart a dhéanamh má fheiceann siad/má bhíonn siad páirteach in iompar bulaíochta, ag leibhéal oiriúnach d'aois.

## **Beartas agus Pleanáil**

Tá folláine phobal na scoile i gcroílár bheartas agus phleanáil na scoile; is príomhchúram é seo i gcónaí i Scoil na bhForbacha. D'iarr muid ionchur ó phobal iomlán na scoile (daltáí, teaghlaigh agus foireann) agus an beartas Bí Cineálta seo á fhorbairt againn. Cabhraíonn raon de bheartais agus pleananna eile le cur i bhfeidhm ár mbeartas Bí Cineálta a thacú, lena n-áirítear: • Cód Iompair • Beartas um Úsáid Inghlactha • Beartas um Riachtanais Speisialta Oideachais • Plean iomlán scoile don OSPS • Beartas Fón Cliste

Tá beartas Bí Cineálta atá cairdiúil do dhaltáí forbartha ag ár nDaltáí freisi

## **Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí**

Is cuid ríthábhachtach de bhulaíocht a chosc agus a phlé go héifeachtach iad naisc láidre idir agus i measc daltaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus foireann. Cabhraíonn na struchtúir agus na cur chuigí seo a leanas le comhpháirtíochtaí agus caidrimh idir bhaill phobal na scoile a neartú:

- Cumann Tuismitheoirí Caomhnóirí agus Foirne (CTCF)
- Comhairle na nÓg
  - Coiste na Gaeilge
- Cúntóirí na Maidine
- Coiste Folláine
- Coiste na Leabharlainne
- Cúntóirí rang a 3 go rang a 6 ar chlós na naíonán
- Gníomhaíochtaí idirranganna (m.sh. léitheoireacht compánach, siúlóidí dúlra)
- Club Obairbhaile

## **Cineálacha Sonracha d'Iompar Bulaíochta a Chosc**

Leagtar amach sa chuid seo a leanas na straitéisí coiscthe a úsáidfidh an scoil, atá dírithe ar chineálacha sonracha d'iompar bulaíochta a chosc.

### **Iompar bulaíochta ar líne a chosc:**

Tá go leor deiseanna dearfacha curtha ar fáil ag teicneolaíocht agus meáin shóisialta le haghaidh siamsaíochta, rannpháirtíocht shóisialta agus oideachais. Is cuid de shaol é an teicneolaíocht is féidir tionchar a imirt fiú ar na baill is óige den tsochaí. Mar sin féin, tá daltaí ag éirí níos leochailí do chibearbulaíocht nó d'iompar neamhinghlactha ar líne mar gheall ar an méadú ar úsáid na teicneolaíochta. Tá sé mar aidhm againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo go réamhghníomhach trí litearthacht dhigiteach, saoránacht dhigiteach a chur chun cinn, agus timpeallachtaí sábháilte ar líne a chothú. Áirítear leis na straitéisí chun iompar cibearbulaíochta a chosc na cinn seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- Múinfidh ceachtanna OSPS (lena n-áirítear ceachtanna Bí Sábháilte i rang naíonaín bheaga, rang a 2, rang a 4 agus rang a 6) na páistí faoi fanacht sábháilte ar líne agus tabharfar aghaidh ar shaincheist na cibearbulaíochta.
- Páistí a theagasc faoi iompar freagrach ar líne agus faoi shaoránacht dhigiteach
- Comhráite rialta a bheith againn le daltaí faoi chaidrimh chineálta agus mheasúla a fhorbairt ar líne agus as líne araon
- Ár mBeartas um Úsáid Inghlactha a chur chun cinn, a chur in iúl agus a athbhreithniú
- Tagairt d'iompar cuí ar líne mar chuid de chaighdeáin iompair sa Chód Iompair
- Imeachtaí sábháilteachta ar líne do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí a chur chun cinn/a óstáil, ar a bhfuil freagracht as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bpáistí ar líne
- Tionscnamh scoile gan fón cliste - Is é an aois thoilithe dhigiteach an aoisíocht íosta a chaithfidh úsáideoir a bheith sular féidir le cuideachta meán sóisialta nó idirlín a gcuid sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil. In Éirinn is é 16 an aois thoilithe dhigiteach. Chun críocha bailiúcháin sonraí, caithfidh daltaí idir 13 agus 16 bliana d'aois cead tuismitheora a bheith acu chun clárú le seirbhísí meán sóisialta nuair a úsáideann cuideachtaí an bonn dlíthiúil den toiliú chun sonraí úsáideoirí a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil. Tá íosriachtanas aoise ag formhór na n-ardán agus na seirbhísí meán sóisialta agus is é 13 bliana d'aois é don tromlach de na seirbhísí seo. Dá bhrí sin, go teicniúil, níor cheart go mbeadh cuntas meán sóisialta ag páistí faoi bhun 13 bliana d'aois. Tá sé tábhachtach do shábháilteacht a bpáistí go mbeadh tuismitheoirí agus caomhnóirí feasach ar úsáid a bpáistí ar theicneolaíocht lena n-áirítear fóin chliste agus consóil chearrbhachais.

### **Straitéisí atá dírithe ar iompar bulaíochta homaighnéasach agus trasinscneach a chosc**

Tá ceart ag gach dalta lena n-áirítear daltaí aeracha, leispiach, déghnéasacha agus trasinscneacha mothú sábháilte agus tacaíochta sa scoil. Áirítear leis na straitéisí chun iompar bulaíochta homaighnéasach agus trasinscneach a chosc na cinn seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- Gníomhaíochtaí tógála comhbhá a spreagadh
- Dúshraith inscne a cheistiú
- Daltaí a spreagadh labhairt amach nuair a fheiceann siad iompar bulaíochta homaighnéasach

## **Straitéisí atá dírithe ar iompar bulaíochta ciníoch a chosc**

Tá scoileanna tar éis éirí i bhfad níos ilchultúrtha thar na blianta beaga anuas. Tagann daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna ó go leor cultúir agus cúlraí éagsúla. D'fhéadfadh daltaí ó chúlraí éagsúla idirdhealú agus claontacht a fhulaingt agus d'fhéadfaí iompar bulaíochta ciníoch a dhéanamh orthu. Áirítear leis na straitéisí chun iompar bulaíochta ciníoch a chosc na cinn seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- Cultúr scoile a chothú ina gceiliúrtar éagsúlacht agus ina bhfeiceann daltaí "iad féin" i dtimpeallacht a scoile
- Tacaíocht phiaraí a spreagadh ar nós gníomhaíochtaí tógála comhbhá
- Breathnóirí a spreagadh tuairisciú nuair a fheiceann siad iompar ciníoch
- Cainteoirí ó chúlraí eitneacha éagsúla a thabhairt isteach
- A chinntiú go léiríonn ábhar léitheoireachta leabharlainne agus téacsleabhair taithí mhaireachtála chuí daltaí agus daoine fásta ó chúlraí náisiúnta, eitneacha agus cultúrtha éagsúla
- Teagasc faoi chomhionannas i gcomhthéacs na ciníochais
- Teagasc faoi ghníomhachas ceartais shóisialta in Éirinn

## **Straitéisí atá dírithe ar iompar bulaíochta gnéasaíoch a chosc**

Ba cheart do scoileanna díriú ar chomhionannas inscne mar chuid de bhearta na scoile chun timpeallacht thacúil mheasúil a chruthú. Áirítear leis na straitéisí chun iompar bulaíochta gnéasaíoch a chosc na cinn seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- A chinntiú go samhlaíonn baill foirne iompar measúil agus go gcaitear le daltaí go cothrom beag beann ar a ngnéas
- A chinntiú go bhfuil na deiseanna céanna ag gach dalta páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile beag beann ar a ngnéas
- Éagsúlacht a cheiliúradh ar scoil agus aitheantas a thabhairt do ranníocaíochtaí na ndaltaí go léir
- Feachtais feasachta, ceardlanna agus cur i láthair a eagrú ar chomhionannas inscne agus meas

- Tuismitheoirí agus caomhnóirí a spreagadh na luachanna measa seo a neartú sa bhaile

### **Straitéisí atá dírithe ar chiapadh gnéasach a chosc**

Teastaíonn cur chuige a dhíríonn ar oideachas, feasacht agus beartais soiléire infhorfheidhmithe chun ciapadh gnéasach a chosc. Ní mór do scoileanna a dhéanamh soiléir go bhfuil cur chuige neamh-fhulangachta ann maidir le ciapadh gnéasach. Níor cheart ciapadh gnéasach a chur ar neamhní mar magadh nó greann riamh. Áirítear leis na straitéisí chun ciapadh gnéasach a chosc na cinn seo a leanas, nach liosta uileghabhálach é:

- Foghlaim faoi chaidrimh dhearfacha mar chuid den OSPS
- Samhlacha dearfacha ról a chur chun cinn laistigh de phobal na scoile
- Dúshraith inscne a cheistiú ar féidir leo cur le ciapadh gnéasach

Is féidir le go leor de na straitéisí coiscthe atá liostaithe thuas a chur i bhfeidhm ag scoileanna chun gach cineál iompair bulaíochta a chosc.

### **Mír C: Ag dul i ngleic le hlompraíocht Bhulaíochta**

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

An Múinteoir Ranga.

Áine Ní Thuathail, Príomhoide & DIA

Niamh Nic Cárthaigh, Leas Phríomhoide & LDIA

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

- A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
- Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá go hógair.
- Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.
- A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- A ghníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

**Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir atá ag plé leis an gcás bulaíochta ná aghaidh a thabhairt ar aon cheist gur gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe a chur ar ais mar a bhí chomh mór agus is féidir.**

- Maoirseacht ar iompar sa rang
- Céard a tharla, cé a bhí i gceist, cén áit, cén uair agus cén fáth?
- Plé leis an scoláire a d'ardaigh an ceist bhulaíochta ina (h)aonar ar dtús go discréideach
- Deis a thabhairt don scoláire pictiúir a tharraingt nó tuairisc a scríobh más fearr leo
- Plé leis na gasúir ar fad atá luaite ina n-aonar
- Plé leis an ngrúpa scoláirí le chéile

Cinneadh a dhéanamh ar bhulaíocht a bhí i gceist ag cur na ceisteanna seo a leanas:

- **Spríocdhírthe - An bhfuil an t-iompar dírithe ar dhalta nó ar ghrúpa daltaí ar leith?**
- **Dochar - An bhfuil sé i gceist go ndéanfadh an t-iompar dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach?**
- **Arís agus arís eile - An leantar den iompar arís agus arís eile?**

**Más freagra dearfach a bhíonn ar gach ceann acu is iompar bulaíochta atá i gceist agus tabharfar aghaidh ar an iompar trí Nósanna Imeachta Bí Cineálta.**

- Cruinnithe le tuismitheoirí na bpáirtithe taobh istigh de sheachtain
- Tuairisc a scríobh
- Teacht ar réiteach i gcomhpháirt lena chéile
- Athbhreithniú foirmeálta tar éis 20 lá le dul chun cinn a fhiosrú

**Más diúltach an freagra ar aon cheann acu, ní iompar bulaíochta atá i gceist agus cuirfear straitéisí ar fáil chun déileáil le hiompar míchuí laistigh de Chód Iompair na scoile.**

Chomh maith leis sin beidh béim sna ranganna ar:

- Plé rialta
- Suirbhé bulaíochta - uair sa téarma nó níos minicí más gá.
- Seachtain na frithbhulaíochta
- Feabhra folláine - seachtain na gcairdeas san áireamh
- Ceistneoirí
- Bosca buartha sna hard ranganna
- Béim ar fholláine agus cineáltas tríd na scoile - taispeántas folláine - aird na ngasúr a dhíriú air

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

- Éisteacht / treorú/ comhairle / plé le tuismitheoirí
- Labhairt leis an dream atá luaite
- Fianaise a bhailiú
- Rúndacht/discréideach a chinntiú
- Beidh fócas ar réiteach na faidhbe agus ar chaidreamh a athbhunú i dtimpeallacht atá sábháilte do gach pháirtí.
- Comhairle a fháil ó pháirtí seachtracha más gá dóibh

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. (Aguisín A). San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta a dhoiciméadú.(Aguisín B). Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Tarbhunscoileanna*.

## **Leanúint suas nuair a tharla iompar bulaíochta**

Rachaidh an múinteoir/príomhoide i mbun plé leis na daltaí atá i gceist agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí arís tráth nach faide ná 20 lá scoile tar éis an chéad phlé. (Aguisín C). Is iad na fachtóirí tábhachtacha le breithniú mar chuid den phlé seo ná nádúr an iompair bhulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun aghaidh a thabhairt ar an iompar bulaíochta agus an chaidreamh idir na daltaí atá i gceist. Déanfaidh an múinteoir/príomhoide an t-athbhreithniú le daltaí agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a dhoiciméadú chun a chinneadh an bhfuil deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta agus tuairimí na ndaltaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí maidir leis seo. Taifeasfar freisin an dáta ar cinneadh go bhfuil deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta. Ba cheart aon phlé le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a lua freisin. D'fhéadfadh go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach do na daltaí atá i gceist fiú nuair atá deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta.

Mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta, déanfaidh an múinteoir/príomhoide athbhreithniú ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na daltaí atá i gceist agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. (Aguisín D). Ba cheart aontú ar amchlár le haghaidh tuilleadh plé go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta. Má éiríonn sé soiléir go bhfuil an dalta atá ag taispeáint an iompair bhulaíochta ag leanúint ar aghaidh ag taispeáint an iompair, ba cheart machnamh a dhéanamh ar na straitéisí a úsáid chun déileáil le hiompar míchuí mar atá forálaithe laistigh de Chód Iompair na scoile.

Má mheastar smachtbhannaí araíonachta, is ábhar é seo idir an dalta ábhartha, a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an scoil. Mura bhfuil tuismitheoir/caomhnóir sásta leis an gcaoi ar thug an scoil aghaidh ar an iompar bulaíochta, i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompar Bulaíochta a Chosc agus Aghaidh a Thabhairt air do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna, ba cheart iad a atreorú chuig nósanna imeachta casaoide na scoile. Má tá tuismitheoir/caomhnóir míshásta leis an gcaoi ar láimhseáladh gearán, féadfaidh siad gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann siad go raibh tionchar diúltach ag gníomhartha na scoile ar an dalta.

## **Mír D: Maoirseacht:**

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n--áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.



Sínte: (Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)

Dáta: 23 Meitheamh, 2025



(Príomhoide)

Dáta: 23 Meitheamh 2025

# Bí Cineálta

## Scoil na bhForbacha Policy to Prevent and Address Bullying Behaviour

---

The Board of Management of Scoil na bhForbacha has adopted the following policy to prevent and address bullying behaviour.

This policy fully complies with the requirements of Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools 2024.

The board of management acknowledges that bullying behaviour interferes with the rights of the child as set out in the United Nations Convention on the Rights of the Child. We all, as a school community, have a responsibility to work together to prevent and address bullying behaviour and to deal with the negative impact of bullying behaviour.

We are committed to ensuring that all students who attend our school are kept safe from harm and that the wellbeing of our students is at the forefront of everything that we do. We recognise the negative impact that bullying behaviour can have on the lives of our students and we are fully committed to preventing and addressing bullying behaviour.

We confirm that we will, in accordance with our obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the harassment of students or staff on any of the nine grounds specified: gender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

## Definition of Bullying

Bullying is defined in Cineáltas: Action Plan on Bullying and Bí Cineálta:

Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools as targeted behaviour, online or offline that causes harm. The harm caused can be physical, social and/or emotional in nature. Bullying behaviour is repeated over time and involves an imbalance of power in relationships between two people or groups of people in society. The detailed definition is provided in Chapter 2 of the Bí Cineálta procedures.

Each school is required to develop and implement a Bí Cineálta policy that sets out how the school community prevents and addresses bullying behaviour. Strategies to deal with inappropriate behaviour that is not bullying behaviour are provided for within the school's Code of Behaviour.

## Section A: Development/review of our Bí Cineálta policy to prevent and address bullying behaviour

All members of our school community were provided with the opportunity to input into the development / review of this policy.

Those involved	Date of Consultation	Method of Consultation
Áine, Niamh, Deirdre Ní A	January 2025	Bí Cineálta Training Day - Oide
School Staff	31 March 2025 , half day closure	Online questionnaire Oide presentation In depth discussion with school staff
Students	March 2025 June 2025	Online Microsoft Form Comhairle na nÓg
Parents	March	Microsoft Form
Board of Management	June 2025	Policy ratified by BOM

## **Section B: Preventing Bullying Behaviour**

The prevention strategies currently in place are outlined below. They are considered under the four key areas of well-being promotion: culture, curriculum, relationships and policy/ planning.

Among these are strategies specifically aimed at preventing online bullying behaviour, homophobic and transphobic bullying behaviour, racial bullying behaviour, sexual bullying behaviour, and sexual harassment, as appropriate. (See Appendix 1).

### **Culture and Environment**

In Scoil na bhForbacha, we strive to promote a positive and inclusive school culture, as per our mission statement.

Scoil na bhForbacha's school community is committed to fostering a school environment that is:

- A place where we are welcomed and in turn are welcoming to others.
- A place where we are treated with respect and in turn treat others respectfully.
- A place where we feel happy and safe.
- A place where we are encouraged to achieve our full potential.
- A place where our self-esteem and self-confidence can flourish.
- A place of quality teaching and learning.
- A place where a love of learning is nurtured.
- A place where we can be ourselves and in turn allow others to be themselves.

The school leadership team influences the school culture and set the standards and expectations for the school community when preventing

and addressing bullying behaviour. Each member of school staff has a responsibility to develop and maintain a school culture where bullying behaviour is unacceptable and to take a consistent approach to addressing bullying behaviour. Students can shape the school culture by promoting kindness and inclusion within their peer group and maintain a positive and supportive school environment for all. Parents and guardians, as active partners in their child's education, can help foster an environment where bullying behaviour is not tolerated through promoting empathy and respect. In Scoil na bhForbacha, we support a "telling" environment. We encourage pupils to be a brave upstanders; to stand up to bullying behaviours; and not bystanders (part of the problem). Pupils are frequently reminded to tell staff members or another trusted adult/s when they think they are being bullied or someone else is being bullied. The children are made aware of the importance of telling. They are assured that this is not telling tales. They are reassured that this telling will help keep everyone safe. The concept of a trusted adult can be helpful in encouraging pupils to report. Staff can support this by letting pupils know that they can talk to them. As part of the Stay Safe programme, children identify trusted adults with whom they can speak. On becoming aware of any bullying situation, in or outside the school, involving members of the school community pupils should notify a trusted, responsible adult. Bullying behaviour is too serious not to report. The trusted adult should reassure the pupil that they have done the right thing, and without delay, inform the members of staff who have responsibility for addressing bullying behaviour (class teacher, support teacher where relevant and principal), and should continue to support the pupil, as appropriate, while the behaviour is being addressed. Teachers will check in with the children in their class regularly through Bí Cineálta surveys, (please see templates).

We want our physical school environment to feel safe for all students.

Strategies that are conducive to this include:

- Staff wearing high-viz jackets to promote visibility during yard supervision
- Assigned routes for classes to take when moving to and from yard
- Artwork created by pupils displayed around the school
- Nurturing a sense of belonging, and a sense of responsibility and ownership among pupils for their school environment
- Buddy spots on yard
- Bí Cineálta student-friendly policy displayed around the school

### **Positive School environment**

- Positive relationships amongst staff and between staff and students
- Welcoming students in the morning and saying goodbye in the afternoons - Effective leadership
- Clean and positive environment - playground games, bright colours, a well maintained school both inside and outside the school building.
- An environment and culture of open discussion
- A whole-school approach to identifying, rejecting, and reporting bullying behaviour.
- Trusted adult - regular reminders to students that we are there to listen to and to help them.
- Safe physical spaces
- Supervision of children on school grounds
- Focus on the 4 areas of wellbeing

- Fostering a culture where the students see themselves reflected celebrating diversity - including neurodiversity
- Restorative practice in school - being mindful that we show respect to students when talking to them
- Students as helpers on the yard - fostering positive relationships among different classes.
- Buddy system - senior and junior classes working together to strengthen learning and empathy skills.
- Na Garraíodóirí - Gardening groups working with a teacher every Wednesday Emphasis on kindness - stars, tickets. Recognition of positive behaviour.
- My thoughts about school - to be filled in from Rang a 2 onwards
- Comhairle na nÓg (Student Council) - students voices are heard and valued.
- AUP - Acceptable Use Policy regarding the use of technology is in effect
- Smartphone Contract was introduced this year (2025)
- Technology free day every week - highlighting the positives and negatives of technology
- Cód iompair - a code of conduct for appropriate online behaviour
- Information sessions for parents and students on online safety are held on a regular basis
- The school has the following supervision and monitoring policies in place to prevent and address bullying behaviour (see Chapter 5 of the Bí Cineálta procedures)
- Supervision of students on school grounds
- Safe physical spaces created

- High vis vests on the yard helpers while they are supervising (helping out on the yard)
